AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 651 final

2024/0176 (BUD)

LITIR LEASAITHEACH Uimh. 1 A GHABHANN LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA 2025

Coigeartuithe ar leithréasuithe i gcomhair íocaíochtaí
Riachtanais mheasta uasdátaithe le haghaidh caiteachas talmhaíochta
Coigeartuithe eile agus uasdátuithe teicniúla

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 42 de,

– dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2025, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 12 Iúil 2024[3],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Litir Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2025, ar na cúiseanna a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta caiteachais agus ioncaim, agus ar na ráitis ioncaim agus chaiteachais de réir roinne, le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm). Tá leagan Béarla de na hathruithe ar an ráiteas seo i gceangal leis seo, mar fhaisnéis, mar iarscríbhinn bhuiséadach.

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

[2] IO L, 2024/2509, 26.09.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2509

[3] COM(2024)300 final, 12.7.2024.

1. RÉAMHRÁ

Cumhdaítear na heilimintí seo a leanas le Litir Leasaitheach Uimh. 1 (AL 1/2025) a ghabhann leis an dréachtbhuiséad don bhliain 2025 (DB 2025):

— Méadú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i ndáil leis na solúbthachtaí breise agus tacaíocht do mhéid táscach EUR 10 mbilliún ó chistí comhtháthaithe chuig na Ballstáit dá ndéanann na tubaistí nádúrtha san Eoraip difear;

— Nuashonrú a dhéanamh ar na riachtanais don líne úis le haghaidh NextGenerationEU, i gcomhthéacs leibhéal níos ísle eisíocaíochtaí NextGenerationEU go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 ná mar a measadh roimhe seo;

— Nuashonrú a dhéanamh ar na riachtanais mheasta, ar an ioncam sannta agus ar na leithreasuithe maidir leis an gcaiteachas talmhaíochta. Mar aon le tosca athraitheacha margaidh, ionchorpraítear in AL 1/2025 freisin tionchar na gcinntí san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2025 i mí Iúil 2024, chomh maith le tograí eile a mheastar go mbeidh tionchar suntasach acu le linn na bliana airgeadais;

— Nuashonrú a dhéanamh ar na riachtanais mheasta maidir leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII), agus na prótacail nua le Poblacht Cabo Verde (2024-2029) agus le Poblacht Ghuine Bissau (2024-2029) á gcur san áireamh;

— Coigeartuithe ar cheannteideal 7 ‘Riarachán Poiblí Eorpach’:

- tionchar an choigeartaithe tuarastail níos airde le haghaidh 2024 ar chaiteachas riaracháin na n-institiúidí agus ar phinsin a ionchorprú tar éis meastacháin nuashonraithe maidir le cumhacht cheannaigh agus boilsciú, i gcomparáid leis na paraiméadair a úsáideadh agus dréachtbhuiséad 2025 á ullmhú;
- an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d’institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) a threisiú trí phoist agus leithreasuithe a aistriú ó Institiúidí eile, tar éis an chomhaontaithe ar an Rialachán maidir leis an gCibearshlándáil;
- ceartúchán teicniúil ar roinn an Ombudsman Eorpaigh a ionchorprú.

— Coigeartuithe ar leibhéal na leithreasuithe le haghaidh caiteachas riaracháin lasmuigh de cheannteideal 7, lena n-áirítear i gcás roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, atá nasctha le nuashonrú tuarastail 2024;

— Tuilleadh coigeartuithe ar ranníocaíocht an Aontais le roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, mar a leanas:

- Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a threisiú chun freastal ar thabhairt isteach beartaithe liúntais tithíochta don fhoireann ag na gráid níos ísle i Lucsamburg agus chun neamhspleáchas TF na hOifige a neartú a thuilleadh;
- ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) a choigeartú chun a cibearshlándáil a threisiú agus chun an plean bunaíochta a threisiú le post amháin sa phlean bunaíochta;
- coigeartú ar an ngrádú i bpleananna bunaíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), lena bhféadfar ardú céime a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh i ngairmeacha agus iad sin a dhéanamh ar bhealach oiriúnach;

— Coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach agus na barúlacha tar éis ghlacadh an togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin (ULCM)[4];

— Coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach tar éis iarrataí ó Bhallstáit shonracha acmhainní a aistriú de bhun Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna[5];

— Ceartuithe teicniúla sna barúlacha ábhartha maidir leis an mbuiséad i ndáil le tagairtí do shaoradh a rinneadh i ndáil le leithreasuithe a cuireadh ar fáil arís i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.

— Taobh an ioncaim den bhuiséad a nuashonrú a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe agus coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach agus na barúlacha tar éis ghlacadh an togra le haghaidh ULCM.

Ar an iomlán, is é glantionchar AL 1/2025 ar chaiteachas in DB 2025 laghdú EUR 303,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 2 657,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

(in EUR milliún)

Clár	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	0.0	3 000,0
Líne úis EURI	-195.0	-195.0
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)	-351.9	-391.9
SFPAnna	0.0	0.0
Nuashonrú ar thuarastail athbhreithnithe - coigeartuithe faoi cheannteideal 7	219.9	219.9
CERT-EU	0.0	0.0
Nuashonrú ar thuarastail athbhreithnithe - coigeartuithe faoi cheannteideal 1-6	19.6	19.6
Coigeartuithe eile ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe	4.4	4.4
Iomlán	**-303.0**	**2 657,0**

Tugtar tuilleadh eolais faoi gach comhpháirt sna ranna seo a leanas.

Sonraítear na línte buiséid ábhartha san iarscríbhinn bhuiséadach, mar aon le nuashonrú ar an ioncam a eascraíonn as na hathruithe caiteachais a áirítear sa litir leasaitheach seo.

2. MÉADÚ AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ I NDÁIL LE TUBAISTÍ NÁDÚRTHA A THARLA LE DÉANAÍ

Tar éis na dtuilte a tharla le déanaí i Lár na hEorpa, bainfear leas as cláir an bheartais chomhtháthaithe chun cabhrú leis na Ballstáit téarnamh ó na damáistí. Leis na solúbthachtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh sa bheartas comhtháthaithe, beidh na Ballstáit lena mbaineann in ann a gcláir a leasú chun freagairt don athrú aeráide agus do thubaistí nádúrtha agus, ag an am céanna, tairbhe a bhaint as leachtacht bhreise ó bhuiséad an Aontais. Tá sé beartaithe EUR 3 bhilliún breise a chur san áireamh i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí os cionn an leibhéil a moladh cheana i ndréachtbhuiséad 2025. Úsáidfear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha agus chun tacaíocht ghasta a chur ar fáil do na tíortha atá buailte ag tubaistí.

4 COM(2024)426 final, 20.9.2024.

5 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
05 02 01	CFRE — Caiteachas oibríochtúil	0	3 000 000 000
Iomlán		**0**	**3 000 000 000**

3. COSTAIS CHISTIÚCHÁIN NEXTGENERATIONEU

I gcomhthéacs dhréachtbhuiséad 2025, mhol an Coimisiún go ndéanfaí líne úis EURI a threisiú EUR 2 478,2 milliún i gcomparáid leis an gclárú airgeadais le haghaidh 2025 go méid iomlán EUR 5 156 milliún, bunaithe ar réamh-mheastacháin ar eisíocaíochtaí NGEU agus ar rátaí úis go dtí deireadh an tríú ráithe 2024. Ón 30 Meán Fómhair 2024, is fiú EUR 49,8 billiún d'eisíocaíochtaí NGEU ina n-iomláine na hidirbhearta uile a cuireadh i gcrích faoin tríú ráithe de 2024, nó EUR 5,4 billiún níos ísle ná mar a bhí tráth a bunaíodh Dréachtbhuiséad 2025.

Dá bhrí sin, is é EUR 4 961 milliún costas deiridh measta an chistithe do bhuiséad 2025, i.e. róchaiteachas EUR 2 283,2 milliún. Tá an méid sin críochnaitheach, i gcomhréir leis an gcur chuige athbhreithnithe lena bhforáiltear, ó bhuiséad 2025, go mbunóidh an Coimisiún buiséadú líne úis EURI ar mhéid na n-eisíocaíochtaí a dheimhnítear faoi dheireadh an tríú ráithe den bhliain roimhe sin. Cuireann sé sin bonn cobhsaí ar fáil chun an 'sásra cascáide' a chur i bhfeidhm faoi thráth na litreach leasaithí a ghabhann leis an dréachtbhuiséad.

Dá bhrí sin, déantar laghdú EUR 195 mhilliún ar chostas deiridh na líne úis i gcomparáid le DB 2025. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le líne úis EURI a laghdú dá réir.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
06 04 01	Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta	-195 000 000	-195 000 000
Iomlán		**-195 000 000**	**-195 000 000**

Leis an laghdú atá beartaithe, molann an Coimisiún go maoineofar na riachtanais fhoriomlána de EUR 2 283,2 milliún os cionn an chláraithe airgeadais le haghaidh 2025 leis an gcorrlach atá fágtha faoi fho-Cheannteideal 2b de EUR 35,7 milliún agus EUR 1 105,8 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Sholúbthachta, d'fhonn leanúint de mhéid a shlógadh i gcomhréir leis an tagarmharc 50 % den róchaiteachas. Ar an mbonn sin, i bhfianaise na gcoigeartuithe eile ar fho-Cheannteideal 2b a mholtar san AL 1/2025 seo, déanfar laghdú EUR 87,0 milliún go EUR 1 105,8 milliún ar dhul ar iontaoibh na hIonstraime Solúbthachta faoi fho-cheannteideal 2b, agus déanfar laghdú EUR 97,5 milliún go EUR 1 141,6 milliún ar an méid a shlógfar faoin ionstraim EURI.

4. AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)

Le AL 1/2025, tugtar na meastacháin maidir le caiteachas talmhaíochta cothrom le dáta bunaithe ar na sonraí eacnamaíocha agus ar an gcreat reachtach is déanaí. Faoi mhí Mheán Fómhair 2024, bhí an chéad léiriú ag an gCoimisiún ar an leibhéal táirgeachta le haghaidh 2024 agus ar an ionchas do na margaí talmhaíochta chomh maith leis na figiúirí iarbhír maidir leis an gcuid is mó de chur i ngníomh bhuiséad 2024 a mhéid a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte CERT, arb iad is bonn leis na meastacháin nuashonraithe ar riachtanais bhuiséadacha 2025.

Chomh maith le tosca margaidh a chur san áireamh, ionchorpraítear in AL 1/2025 freisin tionchar cinntí reachtacha san earnáil talmhaíochta ó glacadh dréachtbhuiséad 2025 i mí an Mheitheamh 2024.

Measatar anois gurb é EUR 41 215 milliún riachtanais fhoriomlána CERT 2025, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta[6]. Is méadú EUR 344 mhilliún é sin i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2025, arb iad na nithe seo a leanas is cúis leis faoi seach:

1) riachtanais bhreise EUR 120 milliún don chúlchiste talmhaíochta le haghaidh na mbeart eisceachtúil a glacadh in 2024 agus a ndearbhófar an caiteachas ina leith sa bhliain talmhaíochta 2025,

2) riachtanais bhreise le haghaidh bhearta margaidh agus idirghabhálacha EUR 94 mhilliún na mBallstát, le haghaidh bearta cur chun cinn, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus scéimeanna scoile, tar éis cur chun feidhme maith in 2024,

3) méadú measartha beag EUR 30 milliún ar íocaíochtaí díreacha,

4) riachtanais bhreise EUR 100 milliún faoi airteagal 08 02 06 'Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh',

5) aistriú atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de ó chur i gcrích líne na gclár a bhí ann roimhe seo go dtí na 'seanscéimeanna' íocaíochtaí díreacha arb ionann iad agus EUR 30 milliún.

In 2024, glacadh bearta eisceachtúla faoin gcúlchiste talmhaíochta ar mhéid EUR 295 mhilliún, as a bhféadfar EUR 175 mhilliún a íoc fós in 2024, agus tabharfar EUR 120 milliún anonn go 2025 i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán Cothrománach CBT[7]. Leis sin, bheadh an cúlchiste talmhaíochta in 2025 cothrom le EUR 570 milliún, rud a d'fhágfadh EUR 450 milliún ar fáil le haghaidh bearta nua. Maoineofar é ó mhéid nár caitheadh de EUR 282 mhilliún de chúlchiste talmhaíochta 2024, chomh maith le EUR 288 milliún ó infhaighteacht CERT 2025.

An tráth céanna, méadaíonn méid iomlán an ioncaim shannta agus na leithreasuithe a thugtar anonn, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta, a mheastar a bheidh ar fáil in 2025 ó EUR 342 mhilliún i ndréachtbhuiséad 2025 go EUR 1 038 milliún (i.e. méadú EUR 696 mhilliún), lena gcumhdaítear go hiomlán na riachtanais bhreise EUR 344 mhilliún. Eascraíonn an barrachas go háirithe as tearc-fhorghníomhú chúlchiste talmhaíochta 2024 mar a mhínítear thuas agus as ioncam sannta níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ó imréiteach chuntais CERT in 2024.

Mar thoradh ar na nuashonruithe sin, is é EUR 40 177 milliún méid na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, lena n-áirítear EUR 288 milliún le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta. D'fhágfadh sé sin corrlach EUR 351,9 milliún faoin iarmhéid glan atá ar fáil do CERT de EUR 40 528,9 milliún. Mar is gnách le linn na bliana, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar na riachtanais, lena n-áirítear maidir leis an gcúlchiste talmhaíochta, agus molfaidh sé réitigh bhuiséadacha ábhartha más gá agus de réir mar is gá.

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta	-162 000 000	-162 000 000
08 02 02	Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT	51 000 000	51 000 000
08 02 03	Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT	43 000 000	3 000 000
08 02 04	Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	-383 920 598	-383 920 598
08 02 05	Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT	30 000 000	30 000 000

6 Comhfhreagraíonn méid na riachtanas do EUR 40 177 milliún de leithreasuithe úra móide EUR 395 mhilliún d'ioncam sannta a mheastar a bhaileofar in 2025, EUR 361 mhilliún de bharrachas 2024, cé is moite den chúlchiste talmhaíochta agus EUR 282 mhilliún de thabhairt anonn an chúlchiste talmhaíochta.

7 Rialachán (AE) 2021/2116 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

08 02 06	Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh	100 000 000	100 000 000
08 02 99	Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích	-30 000 000	-30 000 000
Iomlán		**-351 920 598**	**-391 920 598**

5. NUASHONRÚ AR NA COMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE

Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil i dtaca le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus rinne sé athbhreithniú ar na riachtanais a bhfuil coinne leo le haghaidh 2025 ar bhonn na bhforbairtí sna próisis chaibidlíochta leis na tríú tíortha lena mbaineann, mar a fhoráiltear i bpointe C de Chuid II den Chomhaontú Idirinstitiúideach (ACI)[8]. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, molann an Coimisiún EUR 17,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ón gcúlchiste chuig príomhlíne oibríochtúil CCII. Baineann an t-aistriú sin atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de le prótacail nua le Poblacht Cabo Verde (2024-2029) a síníodh an 23 Iúil 2023, agus le Poblacht Ghuine Bissau (2024-2029) a síníodh an 18 Meán Fómhair 2024.

Leis na coigeartuithe atá beartaithe, EUR 150,6 milliún a bheidh sna leithreasuithe faoi chomhair gealltanas iomlána a bheidh ar fáil do na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, agus EUR 60 milliún den mhéid sin sa chúlchiste agus EUR 90,6 milliún ar an bpríomhlíne oibríochtúil. Maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, beidh méid EUR 41,6 milliún i bhfoirm cúlchiste san áireamh sa mhéid iomlán EUR 135,3 milliún.

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
08 05 01	Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha	17 780 000	17 780 000
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01)*	-17 780 000	-17 780 000
Iomlán		**0**	**0**

6. AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH (CEANNTEIDEAL 7)

Sa AL 1/2025 seo, molann an Coimisiún coigeartuithe ar cheannteideal 7 'Riarachán Poiblí Eorpach' i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe do 2024 ar chaiteachas riaracháin in 2025 lena n-áirítear +1,2 % ón 1 Aibreán 2025 mar gheall ar chur i bhfeidhm an 'chlásail modhnóireachta' i gcomhréir le hAirteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne[9].

Caiteachas riaracháin na n-institiúidí

Agus dréachtbhuiséad 2025 á ullmhú, chuir an Coimisiún prionsabail an tsoláthair chobhsaí foirne i bhfeidhm agus méadú 2 % ar a mhéad ar chaiteachas nach mbaineann le tuarastal do na hinstitiúidí uile. Rinne sé athbhreithniú ar iarrataí ó institiúidí eile chun dréachtbhuiséad a thíolacadh lena n-urramaítear na hoibleagáidí dlíthiúla uile, agus d'fhéach sé leis an leas is gá a bhaint as ionstraimí speisialta a theorannú an tráth céanna.

Ó tháinig na Rialacháin Foirne athbhreithnithe i bhfeidhm in 2014, tá leibhéal an nuashonraithe tuarastail agus pinsean d'fhoireann institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais bunaithe ar mhodheolaíocht neamhroghnach ina bhfuil dhá ghné. Is é an chéad ghné glanéabhlóid ar chumhacht

[8] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433, 20.12.2020, lch. 28.

[9] IO L 45, 14.6.1962, lch. 1385, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/oj.

ceannaigh na státseirbhíseach náisiúnta ó chiseán de 10 mBallstát,[10]arb ionann é agus 75 % ar a laghad de OTI an Aontais. Is é an Táscaire Sonrach Domhanda atá ansin. Cuirtear boilsciú sa Bheilg agus i Lucsamburg san áireamh sa dara gné – an tInnéacs Comhpháirteach. Áirithíonn uathoibríocht mhodh an nuashonraithe tuarastail go léiríonn an córas na teagmhais san fhíorgheilleagar agus cinntí na mBallstát araon, mar atá deimhnithe ag Eurostat i gcomhaontú le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta. Tá nuashonrú tuarastail 2024 ag +7,2 % níos airde ná an +5,3 % dá bhforáiltear i ndréachtbhuiséad 2025. Tugann an clásal modhnóireachta le tuiscint go ndéanfar nuashonrú tuarastail +1,2 % i mí Aibreáin 2025, ach tógadh dréachtbhuiséad 2025 ar thoimhde +0,6 %.

Cé go nglacfar an tuarascáil chomhfhreagrach ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa i mí na Samhna, tá údar maith, ag an gcéim seo den bhliain bhuiséadach, le togra chun na leithreasuithe buiséadacha a choigeartú chun na paraiméadair is déanaí a chur san áireamh, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus an chruinnis bhuiséadaigh. Dá bhrí sin, tá athríomh déanta ag an gCoimisiún agus ag na hinstitiúidí eile ar a gcaiteachas tuarastail. Leis sin, méadaítear an caiteachas tuarastail faoi EUR 147,9 milliún i gcomparáid leis na meastacháin i ndréachtbhuiséad 2025.

Ina theannta sin, tagann méadú EUR 67,9 milliún ar an iarraidh ar chaiteachas pinsin, agus méadú EUR 4,3 milliún ar an iarraidh ar na Scoileanna Eorpacha.

Tionchar foriomlán agus mionsonraithe de réir Ranna

Ar an iomlán, is é atá sa togra caiteachas neamhdhifreáilte cheannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach) a mhéadú faoi EUR 219,9 milliún le haghaidh 2025, i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2025, lena gceanglaítear dul ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair a thuilleadh. Comhfhreagraíonn sé do mhéadú EUR 147.8 milliún le haghaidh chaiteachas riaracháin na nInstitiúidí, EUR 67.9 milliún le haghaidh phinsin na n-institiúidí uile agus EUR 4.3 milliún le haghaidh na Scoileanna Eorpacha.

Maidir le Ceannteideal 7, is mar seo a leanas atá an tionchar foriomlán ar chaiteachas, lena n-áirítear freisin na hath-leithdháiltí atá nasctha le CERT-EU agus an iarraidh shonrach don Ombudsman Eorpach mar a shonraítear sna chéad ranna eile:

Méideanna in EUR

	Dréachtbhuiséad 2025	Litir Leasaitheach 1/2025	Dréachtbhuiséad 2025 lena n-áirítear AL1/2025
Pinsin agus Scoileanna Eorpacha	**3 052 382 066**	**72 162 590**	**3 124 544 656**
Pinsin	2 789 377 000	67 878 000	2 857 255 000
Scoileanna Eorpacha	263 005 066	4 284 590	267 289 656
Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**9 561 979 384**	**147 751 601**	**9 709 730 985**
An Coimisiún	4 378 737 735	78 547 255	4 457 284 990
Institiúidí eile	5 183 241 649	69 204 346	5 252 445 995
Parlaimint na hEorpa	2 498 063 379	33 461 779	2 531 525 158
An Chomhairle	705 821 530	9 932 328	715 753 858
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	532 720 000	8 871 503	541 591 503
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	190 918 281	3 597 566	194 515 847
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	171 725 025	2 222 096	173 947 121
Coiste na Réigiún	128 585 216	1 797 730	130 382 946
An tOmbudsman Eorpach	15 183 194	242 236	15 425 430
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	26 473 899	329 976	26 803 875
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	913 751 125	8 749 132	922 500 257

[10] BE, DE, ES, FR, IT, LU, NL, AT, PL, SE.

Iomlán	**12 614 361 450**	**219 914 191**	**12 834 275 641**

Nuashonrú tuarastail

Seo a leanas an tionchar mionsonraithe de réir roinne, i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe in 2024:

Méideanna in EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
Roinn I – Parlaimint na hEorpa		
1 0 0 0	Tuarastail	2 138 430
1 0 2	Liúntais idirthréimhseacha	345 645
1 0 3 1	Pinsin easláine (PEAM)	2 138
1 0 3 2	Pinsin easláine (PEAM)	47 279
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	20 159 060
1 2 0 2	Ragobair ar íocaíocht	1 173
1 2 2 0	Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor chun leas na seirbhíse	84 598
1 4 0 0	Foireann eile — Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla	2 100 929
1 4 0 1	Foireann eile — Slándáil	1 173 404
1 4 0 2	Foireann eile — Tiománaithe san Ardrúnaíocht	220 704
1 4 0 4	Tréimhsí oiliúna, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, malartuithe oifigeach agus cuairteanna staidéir	310 850
1 4 0 5	Caiteachas ar ateangaireacht	1 441 796
4 2 2	Caiteachas a bhaineann le cúnamh parlaiminteach	5 875 873
Fo-iomlán Roinn I		**33 901 879**
Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle		
1 0 0 0	Buntuarastal	10 000
1 0 0 1	Teidlíochtaí na foirne maidir leis an bpost arna shealbhú	3 000
1 0 0 2	Teidlíochtaí a bhaineann le cúinsí pearsanta	1 000
1 0 0 3	Cumhdach slándála sóisialta	1 000
1 0 1 0	Liúntas sealadach	15 000
1 1 0 0	Buntuarastail	5 875 621
1 1 0 1	Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann leis an bpost arna shealbhú	45 000
1 1 0 2	Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann le cúinsí pearsanta an bhaill foirne	1 375 000
1 1 0 3	Cumhdach slándála sóisialta	227 000
1 1 0 4	Ualuithe tuarastail	4 000
1 1 0 7	Coigeartú bliantúil ar an luach saothair	2 120 000
1 1 1 0	Liúntais i gcás scor chun leas na seirbhíse	56 000
1 2 0 0	Foireann eile	300 000
1 2 0 1	Saineolaithe náisiúnta ar iasacht	35 000
1 2 0 2	Cúrsaí oiliúna	23 000
1 2 0 7	Coigeartú bliantúil ar an luach saothair	67 000
Fo-iomlán Roinn II		**10 157 621**
Roinn III – An Coimisiún		
20 01 01 01	Tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí Chomhaltaí na hinstitiúide	307 000
20 01 01 03	Liúntais iar-Chomhaltaí	101 000
20 01 02 01	Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú & Oifigí Ionadaíochta	61 672 000
20 01 02 02	Speansais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse — Ceanncheathrú agus oifigí Ionadaíochta	337 000
20 01 02 03	Luach saothair agus liúntais — Toscaireachtaí an Aontais	3 477 000
20 01 02 04	Speansais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse – Toscaireachtaí an Aontais	65 000
20 01 04	Oifigigh a bhfuil stádas neamhghníomhach acu agus a chuaigh ar scor ar mhaithe leis an tseirbhís nó a briseadh as a bpost	172 000
20 02 01 01	Baill foirne ar conradh	2 332 619
20 02 01 02	Foireann gníomhaireachta agus cúnamh teicniúil agus riaracháin mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí difriúla	181 646
20 02 01 03	Státseirbhísigh náisiúnta atá sannta go sealadach don institiúid	881 834
20 02 02 01	Baill foirne ar conradh	473 018

Méideanna in EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
20 02 03 01	Baill foirne ar conradh	17 000
20 02 04	An costas a bhaineann le cúrsaí oiliúna le haghaidh céimithe a eagrú leis an institiúid	185 000
20 02 05	Comhairleoirí speisialta	21 000
20 03 15 01	Oifig na bhFoilseachán	1 732 000
20 03 15 02	An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne	366 000
20 03 16 01	An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla	1 113 000
20 03 16 02	An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil	2 141 000
20 03 16 03	An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg	543 000
20 03 17	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise	1 175 000
21 01 01	Pinsin agus liúntais	66 494 000
21 01 02 01	Pinsin iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa	492 000
21 01 02 02	Pinsin iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh	17 000
21 01 02 03	Pinsin iar-Chomhaltaí an Choimisiúin	261 000
21 01 02 04	Pinsin iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	427 000
21 01 02 05	Pinsin iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí	170 000
21 01 02 06	Pinsin iar-Chomhaltaí den Ombudsman Eorpach	7 000
21 01 02 07	Pinsin Iar-Chomhaltaí na Maoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí	10 000
21 02 01 01	Oifig Ardrúnaí na Scoileanna Eorpacha (an Bhruiséil)	29 677
21 02 01 02	An Bhruiséil I (Uccle)	765 081
21 02 01 03	An Bhruiséil II (Woluwe)	644 955
21 02 01 04	An Bhruiséil III (Ixelles)	571 040
21 02 01 05	An Bhruiséil IV (Laeken)	555 394
21 02 01 06	Lucsamburg I	410 262
21 02 01 07	Lucsamburg II	347 787
21 02 01 08	Mol (BE)	189 966
21 02 01 09	Frankfurt am Main (DE)	162 064
21 02 01 10	Karlsruhe (DE)	193 745
21 02 01 11	München (DE)	8 185
21 02 01 12	Alicante (ES)	31 171
21 02 01 13	Varese (IT)	300 239
21 02 01 14	Bergen (NL)	75 024
Fo-iomlán Roinn III		**149 455 707**
Roinn IV - An Chúirt Bhreithiúnais		
1 0 0 0	Luach saothair agus liúntais	904 000
1 0 0 2	Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú, agus ar fhágáil na seirbhíse	48 000
1 0 2	Liúntais shealadacha	81 000
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	7 612 000
1 2 0 2	Ragobair ar íocaíocht	18 000
1 2 0 4	Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar athrú agus ar fhágáil na seirbhíse	45 000
1 4 0 0	Foireann eile	290 000
1 4 0 4	Oiliúint inseirbhíse agus malartuithe foirne	77 000
Fo-iomlán Roinn IV		**9 075 000**
Roinn V — Cúirt Iniúchóirí na hEorpa		
1 0 0 0	Luach saothair, liúntais agus pinsin	246 000
1 0 0 2	Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís nó ar fhágáil na seirbhíse	4 000
1 0 2 0	Liúntais shealadacha	11 000
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	3 243 000
1 2 0 2	Ragobair ar íocaíocht	5 000
1 2 0 4	Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú, agus ar fhágáil na seirbhíse	16 000
1 4 0 0	Foireann eile	140 000
1 4 0 4	Oiliúint inseirbhíse agus malartuithe foirne	26 000
Fo-iomlán Roinn V		**3 691 000**
Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa		
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	2 143 237

Méideanna in EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
1 2 2 0	Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor chun leas na seirbhíse	7 300
1 4 0 0	Foireann eile	70 196
1 4 0 4	Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach	22 151
Fo-iomlán Roinn VI		**2 242 884**
Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún		
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	1 660 000
1 2 0 2	Ragobair ar íocaíocht	700
1 2 0 4	Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú, agus ar fhágáil na seirbhíse	5 100
1 2 2 0	Liúntais don fhoireann atá ar scor chun leas na seirbhíse	8 300
1 4 0 0	Foireann eile	124 100
1 4 0 4	Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach	14 900
Fo-iomlán Roinn VII		**1 813 100**
Roinn VIII — An tOmbudsman Eorpach		
1 0 0	Tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail	20 000
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	320 000
1 4 0 0	Foireann eile	57 000
1 4 0 4	Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach	23 000
Fo-iomlán Roinn VIII		**420 000**
Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí		
1 0 0 0	Luach saothair agus liúntais	9 000
1 1 0 0	Luach saothair agus liúntais	193 000
1 1 1 0	Baill foirne ar conradh	54 000
3 0 1 0	Luach saothair agus liúntais	50 000
3 0 2 0	Baill foirne ar conradh	27 000
Fo-iomlán Roinn IX		**333 000**
Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí		
1 1 0 0	Buntuarastail	2 000 000
3 0 0 0	Luach saothair agus teidlíochtaí na foirne reachtúla	7 000 000
Fo-iomlán Roinn X		**9 000 000**
Iomlán		

Iarscríbhinn shonrach le haghaidh Oifig na bhFoilseachán		
O1 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	1 688 000
O1 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	7 000
O1 01 02	Pearsanra seachtrach	37 000
Iomlán		**1 732 000**

Iarscríbhinn shonrach don Oifig Eorpach um Roghnú Foirne		
O2 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	329 000
O2 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	1 000
O2 01 02	Pearsanra seachtrach	36 000
Iomlán		**366 000**

Iarscríbhinn shonrach don Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla		
O3 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	469 000
O3 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	3 000
O3 01 02	Pearsanra seachtrach	641 000
Iomlán		**1 113 000**

Iarscríbhinn shonrach don Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil		
O4 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	875 000
O4 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	3 000
O4 01 02 01	Pearsanra seachtrach — OIB	826 000
O4 01 02 02	Pearsanra seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí	437 000
Iomlán		**2 141 000**

Iarscríbhinn shonrach don Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg		
O5 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	295 000
O5 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	1 000
O5 01 02 01	Pearsanra seachtrach — OIL	207 000
O5 01 02 02	Pearsanra seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí	40 000
Iomlán		**543 000**

Iarscríbhinn shonrach don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)		
O6 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	1 155 000
O6 01 01 02	Costais agus liúntais a bhaineann le hearcaíocht, (...)	4 000
O6 01 02	Pearsanra seachtrach	16 000
Iomlán		**1 175 000**

CERT-EU - Poist don phlean bunaíochta agus leithreasuithe a aistriú ó roinnt Institiúidí chuig an gCoimisiún

Agus riosca agus leathadh cibirionsaithe ag dul i méid, is gá cistiú CERT-EU a mhéadú, lena gcuirtear ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fáil d'institiúidí uile an Aontais, lena gcumasaítear ailíniú timpeall ar chreat lena dtugtar aghaidh ar na bagairtí cibearshlándála, agus lena mbunaítear faireachán agus tuairisciú do Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil.

Bunaíodh síneadh shainordú CERT-EU sa Rialachán maidir leis an gCibearshlándáil a tháinig i bhfeidhm an 7 Eanáir 2024. Déantar foráil sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an Rialachán comhaontaithe maidir le hacmhainní daonna agus buiséadacha a threisiú do CERT-EU ó institiúidí uile an Aontais. Maidir le soláthar foirne, sonraítear ann go bhfuil an ranníocaíocht sin *'i gcomhréir leis an sciar de phoist bhuana AD atá ag gach eagraíocht'*.

Cé go raibh na poist is gá don phlean bunaíochta curtha ar fáil ag an gCoimisiún cheana féin, tá sé beartaithe leis an togra seo naoi bpost AD8 agus na leithreasuithe tuarastail gaolmhara a aistriú, chun tréimhse 6 mhí a chumhdach in 2025, mar a leanas: beirt ó Pharlaimint na hEorpa, beirt ón gComhairle, beirt ón gCúirt Bhreithiúnais, duine amháin ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus beirt ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Leagtar amach na hathruithe ar na pleananna bunaíochta gaolmhara san iarscríbhinn bhuiséadach.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d'institiúidí uile an Aontais rannchuidiú le hoibríochtaí CERT-EU trí líne bhuiséid 20 04 04 Foireann phráinnfhreagartha ríomhaire idirinstitiúideach le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU). Comhfhreagraíonn an méid is gá le haghaidh bhuiséad 2025 (EUR 8,921 milliún) do mhéadú EUR 1,156 milliún i gcomparáid le buiséad 2024. Agus dréachtbhuiséad 2025 á bhunú aige, rinne an Coimisiún buiséadú ar an méid iomlán – a sciar féin de EUR 531 916, móide sciar na n-institiúidí eile arb ionann é agus EUR 624 138, trína iarraidh TF féin a theorannú. Agus sciar na hinstitiúide eile á aistriú chuig líne CERT-EU, tá sé beartaithe

anois an méid coibhéiseach a leithdháileadh ar líne 20 04 03 Lárionad Sonraí agus Seirbhísí Líonraithe, ar cheart gurbh é ceann scríbe bunaidh an mhéid é.

Is iad seo a leanas na coigeartuithe atá beartaithe – neodrach ó thaobh buiséid de:

Méideanna in EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
Roinn I – Parlaimint na hEorpa		
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	-140 000
2 1 0 0	Rialachas TF agus cibearshlándáil	-300 100
Fo-iomlán Roinn I		**-440 100**
Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle		
1 0 0 0	Buntuarastal	-140 000
2 1 0 2	Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil	-85 293
Fo-iomlán Roinn II		**-225 293**
Roinn III – An Coimisiún		
20 01 02 01	Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú & Oifigí Ionadaíochta	630 000
20 04 03	Lárionad Sonraí agus Seirbhísí Líonraithe	624 138
Fo-iomlán Roinn III		**1 254 138**
Roinn IV - An Chúirt Bhreithiúnais		
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	-140 000
2 1 0 0	Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí	-63 497
Fo-iomlán Roinn IV		**-203 497**
Roinn V — Cúirt Iniúchóirí na hEorpa		
1 2 0 0	Luach saothair agus liúntais	-70 000
2 1 0 2	Seirbhísí seachtracha i leith oibriú, cur chun feidhme agus cothabháil bogearraí agus córas	-23 434
Fo-iomlán Roinn V		**-93 434**
Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa		
2 1 0 2	Cúnamh seachtrach chun córais bogearraí a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil	-20 788
Fo-iomlán Roinn VI		**-20 788**
Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún		
2 1 0 2	Cúnamh seachtrach chun córais bogearraí a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil	-15 370
Fo-iomlán Roinn VII		**-15 370**
Roinn VIII — An tOmbudsman Eorpach		
2 1 0 0	Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar	-1 764
Fo-iomlán Roinn VIII		**-1 764**
Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí		
2 0 1 0	Trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise	-3 024
Fo-iomlán Roinn IX		**-3 024**
Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí		
1 1 0 0	Buntuarastail	-140 000
2 1 0 0	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	-110 868
Fo-iomlán Roinn X		**-250 868**
Iomlán		**0**

Ceartúchán teicniúil don Ombudsman Eorpach

Agus a mheastacháin le haghaidh 2025 á n-ullmhú aige, níor chuir an tOmbudsman Eorpach san áireamh na hathruithe a rinneadh ar theidlíochtaí na gcomhaltaí le Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle[11], i dtéarmaí liúntais idirthréimhseacha agus liúntais suiteála agus athlonnaithe araon, agus

[11] Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE, IO L 58, 4.3.2016, lch. 1.

maidir le costais aistrithe a aisíoc. Dá bhrí sin, tá na meastacháin a cuireadh isteach i ndréachtbhuiséad 2025 earráideach i ndáil le dhá líne bhuiséid, atá nasctha go díreach le toghadh Ombudsman nua. Is é is aidhm don iarraidh ar leasú é sin a cheartú trí na leithreasuithe uile a iarradh ar an líne bhuiséid le haghaidh 'Liúntais shealadacha' arb ionann iad agus EUR 306 000 a chur ar ais i mbuiséad ginearálta an Aontais agus trí leithreasuithe breise a iarraidh ar an líne bhuiséid le haghaidh 'Liúntais agus costais ar dhul isteach sa tseirbhís agus ar fhágáil na seirbhíse' a bhfuil gá leo chun íocaíocht liúntas suiteála agus athlonnaithe a mhaoiniú, agus aisíocaíocht na gcostas taistil agus aistrithe don Ombudsman atá ag dul as oifig agus don Ombudsman nua ar mhéid EUR 130 000.

Méideanna in EUR

Líne Bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe
Roinn VIII — An tOmbudsman Eorpach		
1 0 2	Liúntais shealadacha	-306 000
1 0 8	Liúntais agus speansais ar dhul isteach sa tseirbhís agus ar fhágáil na seirbhíse	130 000
Iomlán		**- 176 000**

7. CAITEACHAS RIARACHÁIN LASMUIGH DE CHEANNTEIDEAL 7

